

Údarás na Gaeltachta: Athbhreithniú 2018

Lánchosc (ag áireamh na Meáin Shóisialta): 1 Feabhra 2019 - 7.00r.n.

Ráiteas eisithe ag Anna Ní Ghallachair, Cathaoirleach, agus Mícheál Ó hÉanaigh, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta

- 589 post nua cruthaithe in 2018
- An leibhéal is airde fostaíochta i gcliantchomhlachtaí le 10 mbliana
- Glanmhéadú de 122 post lánaimseartha in 2018
- 7,625 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana
- 525 post nua ceadaithe i dtograí ina mbeidh infheistíocht de €42m
- 30 gnó nua tosaithe sa Ghaeltacht in 2018
- 13 Plean teanga ceadaithe le buiséad de €1.49m
- Bunús láidir tosaigh curtha le gteic Gréasán Digiteach na Gaeltachta
- Branda 'Gaeltacht na hÉireann' forbartha agus seolta

Súil Siar ar 2018

Cruthaíodh 589 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2018. Bhí glanmhéadú ann de 122 post ar an mbliain roimhe sin, rud a chiallaíonn go raibh 7,625 post lánaimseartha agus 582 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana. Léiríonn na figiúirí seo an leibhéal is airde fostaíochta i gcliantchomhlachtaí ó bhí 2008 ann. Tá ardú leanúnach bliantúil tagtha ar an mbonn fostaíochta sa Ghaeltacht le sé bliana anuas agus comhlachtaí Gaeltachta ag cur lena seasmhacht.

Cuireadh céim shuntasach eile i gcrích i gcúrsaí Pleanála Teanga i rith 2018 le fostú na chéad Oifigigh Pleanála Teanga i limistéir éagsúla ar fud na tíre agus dá bhrí sin tús curtha le feidhmiú na bpleananna sna ceantair sin. Ag deireadh na bliana 2018 bhí plean teanga réitithe agus ceadaithe do leath (13) de na Limistéir Pleanála Teanga ar fud na tíre. Tá infheistíocht de €1.49m ceadaithe do fheidhmiú na bpleananna sin agus beidh fostaíocht dhíreach de 17 post i gceist le earcú Oifigigh Pleanála Teanga agus Oifigigh Chúnta.

Fostaíocht sa Ghaeltacht

Tá méadú meáite le sonrú ar chúrsaí fostaíochta i gcomhlachtaí Gaeltachta a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta le sé bliana anuas agus ardú 10% tagtha ar an bhfostaíocht iomlán sa tréimhse sin. Cuireadh béim ar leith le roinnt blianta ar théarnamh, ar bhuanú agus ar sheasmhacht na gcomhlachtaí. Mar thoradh air sin, tháinig méadú sa bhfostaíocht ar 14% de chliantchomhlachtaí an Údaráis agus d'fhan an fhostaíocht seasmhach i 75% acu i 2018. Thosaigh 30 gnó as an nua sa nGaeltacht le linn na bliana agus bhí 76 duine fostaíthe sna gnóanna sin ag deireadh na bliana. Is i

réimsí na déantúsaíochta traidisiúnta agus táirgí leighis chomh maith le hearnáil na teilifíse is mó a bhí na comhlachtaí nua ag feidhmiú.

Is i gContaetha Dhún na nGall agus na Gaillimhe is mó a bhí ardú ar an bhfostaíocht in 2018. Go deimhin ba é 2018 an bhliain is lú riamh ar cailleadh poist i nGaeltacht Dhún na nGall agus tháinig méadú 4% ar an bhfostaíocht sa gcontae sin i 2018. Fágann sé seo go bhfuil an fhostaíocht sa gcontae ag an leibhéal is airde le 10 mbliana. Tá an leibhéal fostaíochta i gContae na Gaillimhe ag an leibhéal is airde ón mbliain 2000: cruthaíodh 237 post i 2018 sna hearnálacha déantús táirgí sláinte agus trealaimh leighis go príomha chomh maith leis an earnáil scannánaíochta agus teilifíse. Tá sé tráthúil mar sin go bhfuil scéim nua oideachais fógartha ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le TG4 a mbeidh infheistíocht shuntasach de €160,000 ón dá eagraíocht á déanamh ann chun scileanna a neartú san earnáil seo.

Ba iad na hearnálacha Bia & Dí, Déantúis Feistí Leighis agus Scannánaíochta/Teilifíse a léirigh na méaduithe fostaíochta is mó i rith na bliana, cé nár sheachain na hearnálacha seo laghduithe sa bhfostaíocht ach oiread. Is in earnáil na Déantúsaíochta Traidisiúnta is mó a chonacthas laghduithe.

Tá tionchar suntasach eacnamaíoch ag cliantchomhlachtaí an Údaráis ar gheilleagar na Gaeltachta agus na tíre. De réir taighde ABSEI a rinneadh in 2018, meastar go raibh díolachán iomlán de €862m á dhéanamh ag na cliantchomhlachtaí an bhliain roimhe sin chomh maith le caiteachas díreach de €430m i ngeilleagar na hÉireann. Léiríonn sé seo go bhfuil luach maith á fháil ar infheistíocht an Stáit i gcruithí fostaíochta sa nGaeltacht.

Dúirt **Príomhfheidhmeannach Údaras na Gaeltachta, Mícheál Ó hÉanaigh**, “Tá na leibhéil fostaíochta inár gcliantchomhlachtaí ag méadú agus ag an leibhéal is airde le deich mbliana. Ainneoin sin, níl aon dabht ach gur gá dár gcomhlachtaí a bheith fíoraireach ar an mbliain chorrach eacnamaíoch atá romhainn ach táimid dóchasach go bhfuil na straitéisí cuí againn chun tacú leo agus iad ag dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu agus go bhfuil na hacmhainní atá ar fáil don eagraíocht ag méadú de réir a chéile. Tá fáilte ar leith le cur roimh ardaithe inár mbuiséad caipitil agus roimh chistí seachtracha eile atá fógartha agus a thabharfaidh deis iontach dúinn tús fíor dhearfach a chur le 2019 agus borradh a chur faoi chur i bhfeidhm ár straitéis.”

Le bliain amháin dár bPlean Straitéiseach curtha i gcrích, agus i bhfianaise na spriocanna sonracha atá leagtha síos i bPlean Gníomhaíochta 2018-2022 an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, tá muid sásta leis an leibhéal post a cruthaíodh i mbliana i gcomhthéacs ár n-acmhainní reatha agus leis an dul chun cinn atá déanta i réiteach agus ceadú pleananna teanga. Tá sé ríthábhachtach do thodhchaí inmharthana na Gaeltachta go ndéantar forbairt fiontraíochta agus forbairt na teanga á chur chun cinn go comhuaineach lena chéile agus na hacmhainní cuí a bheith ar fáil dá réir. Is dúshlán suntasach feidhmiúcháin ann féin é seo a bhaint amach ach tá údar dóchais sa dul chun cinn atá déanta le roinnt blianta anuas. Díol dóchais agus suntasais eile atá sa mhéid comhlachtaí ard-acmhainne ar thacaigh muid leo i mbliana agus is ábhar misnigh ceapadh na gcéad Oifigigh Pleanála Teanga ar fud na Gaeltachta. “

Tionchar eacnamaíoch chliantchomhlachtaí an Údaráis

Déanann cliantchomhlachtaí an Údaráis €430 milliún de chaiteachas díreach i ngeilleagar na tíre seo ar phárolla, ar sheirbhísí agus ar cheannach ábhar. D’íoc na cliantchomhlachtaí párolla €184 milliún, le €41,000 mar mheánphá an fhostaí sna comhlachtaí a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu, in 2017. Is ó thaighde ABSEI, a rinneadh in 2018, a thagann na figiúirí seo. Léirigh an taighde céanna go raibh díolachán iomlán de €862 milliún ag cliantchomhlachtaí an Údaráis an bhliain roimhe sin.

Cúrsaí easpórtála atá i gceist le €522 milliún den díolachán agus is san earnáil Bia & Dí is mó a dhéantar díolachán.

525 post nua ceadaithe don Ghaeltacht in 2018

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua ina gcruthófar 525 post agus ina ndéanfar infheistíocht iomlán mheasta de €42 milliún, de réir mar a dhéantar forbairt orthu sna blianta beaga amach romhainn. Is do thograí i gContaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe, agus Mhaigh Eo is mó a ceadaíodh poist i rith 2017, le ceadanna suntasacha i gContaetha Chiarraí, Chorcaí agus na Mí chomh maith. Tá sé le tabhairt faoi deara gur comhlachtaí sna hearnálacha feistí leighis, bia, seirbhísí agus saindéantúsaíochta is mó atá ag dul i mbun forbartha.

Tá sé suntasach freisin gur ceadaíodh tacaíocht de €1.51m do sheacht gcomhlacht Tosú Ardacmhainne (High Potential Start Up) i rith 2018, a bheidh lonnaithe i gContaetha na Mí, na Gaillimhe, agus Mhaigh Eo. Comhlachtaí iad seo a meastar táirge le hacmhainn forbartha agus fáis sciobtha a bheidh acu agus a mbeidh 10 bpost lánaimseartha agus díolachán de €1m bainte amach acu taobh istigh de 3 bliana.

Punann Maoine agus uasghrádú foirgnimh

Tá Gaeltachtaí na tíre lonnaithe i gcuid de na ceantacha is áille sa domhan; is ceantacha tuaithe atá scoite amach cuid mhaith díobh. Níl sé in acmhainn na hearnála phríobháidí infreastruchtúr ná maoin chuí gnó a chur ar fáil sna ceantacha seo mar a tharlódh i gceantacha uirbeacha ar fud na tíre agus dá bhrí sin is fearr a fheidhmíonn an múnla atá ag Údarás na Gaeltachta le beagnach 40 bliain do na réigiúin seo. Tá punann maoine ag Údarás na Gaeltachta ar fud na nGaeltachtaí chun áiseanna gnó agus fiontraíochta a chur ar fáil do ghnónna ionas gur féidir iad a mhealladh le lonnú sna ceantacha tuaithe seo. Tá uasghrádú suntasach déanta ar chuid mhaith don mhaoin thar na blianta agus fostaíocht mhéadaithe á cruthú dá réir. Tá sciar eile den mhaoin áfach nach bhfuil inligthe agus gur gá uasghrádú cuimsitheach a dhéanamh air agus ceadaíonn an soláthar caipitil breise a fógraíodh i 2018 don eagraíocht tabhairt faoin obair sin de réir a chéile.

Os cionn 1000 rannpháirtí ar Scéimeanna Sóisialta Fostaíochta

Déanann Údarás na Gaeltachta bainistiú ar scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, a bhfuil ról agus tionchar tábhachtach acu ag cur taithí oibre agus oiliúint ar fáil do phobal na Gaeltachta. Bhí ardú de 45 duine ar líon na rannpháirtithe ar Scéimeanna Shóisialta Fostaíochta sa nGaeltacht i rith 2018, le 1,093 rannpháirtí agus 49 saoiسته fostaíochta ar fud na Gaeltachta.

Dúshlán an Bhreathimeachta agus polasaithe idirnáisiúnta

Ní mórán atá soiléir faoin mBreathimeacht go fóill seachas go mbeidh tionchar mór aige ar eacnamaíocht na tíre seo. Beidh tionchar ag cibé cinneadh a dhéantar ar chomhlachtaí Gaeltachta freisin agus tá Údarás na Gaeltachta ag obair go dlúth lenár gcliaintchomhlachtaí lena chinntiú go bhfuil siad ar an airdeall, agus ag feabhsú struchtúr agus margáí a gcomhlachtaí oiread agus is féidir. Is minic gurb é margadh na Ríochta Aontaithe an chéad chéim easpórtála d'aon chomhlacht Gaeltachta a bheadh ag dul i mbun easpórtála don chéad uair. Mar thacaíocht dó seo agus an Breathimeacht buailte linn, d'aontaigh Údarás na Gaeltachta comhaontú ceangal cómhalartach Oifigí Gnó le Cumainn Tráchtála na hAlban ag deireadh 2018. Féachfar leis an gcomhaontú oifigiúil a shíniú go luath sa mbliain nua nuair a bhunófar oifigí trádála cómhalartacha chun tacú le comhlachtaí i nGaeltacht na hÉireann agus in Albain agus chun infheistíocht agus deiseanna trádála a éascú.

Feidhmeoidh an socrú mar acmhainn luachmhar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá ag iarraidh a bpáirtíocht idirnáisiúnta gnó-go-gnó a leathnú.

De réir taighde uasdátaithe ABSEI na bliana seo, tá 28% de dhíolachán easpórtála ár gcliantchomhlachtaí, a bhfuil luach €148 milliún air, á dhéanamh sa Ríocht Aontaithe. Tá suas le 33% (€172) á dhéanamh san Aontas Eorpach agus 24% (€124m) i Meiriceá Thuaidh. Le suas le 60% de bhunábhar na gcliantchomhlachtaí á iompórtáil ar luach €233m is cinnte go mbeadh tionchar ag aon táillí trádála ar a leithéid. Má tharlaíonn an Breatimeacht gan socrú cuí d'fhéadfadh go mbeadh acmhainní breise ag teastáil chun cabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus chun fostaíocht a chosaint.

Tá an tÚdarás ag comhoibriú le gníomhaireachtaí Stáit eile ar chur chuige comhordaithe maidir leis an mBreatimeacht agus leanfar leis an scéim tacaíochta agus comhairleoireachta 'Bí Réidh', atá á riaradh ag an Údarás dá chliantchomhlachtaí. Is in Earraí Adhmaid (26%), Páipéar (18%), Miotal Bunúsach & Déanta (18%), agus Bia/Deoch (7%), atá formhór na heaspórtála chuig an Ríocht Aontaithe á déanamh ag cliantchomhlachtaí an Údaráis agus is Earraí Mara, Bia/Deoch, Ábhair Ríomhairí agus Fearais Leighis is mó atá á n-easpórtáil chun an Aontais Eorpaigh.

Gníomhaíochtaí Pleanála Teanga

Bliain rathúil agus stairiúil a bhí in 2018 ó thaobh na pleanála teanga de agus clochmhílte shuntasacha bainte amach. Faoi dheireadh na bliana bhí 13 plean teanga ceadaithe agus tús curtha le feidhmiú i mbeagnach gach LPT. Anuas ar sin tá 3 phlean eile curtha faoi bhráid An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta, do LPT Thuaisceart Dhún na nGall, Dhún na nGall Theas agus Cheantar na nOileán. Táthar ag súil go mbeidh 8 bplean teanga eile réitithe agus curtha faoi bhráid na Roinne i rith 2019. Ciallóidh sé sin go bhféadfadh go mbeadh suas le 24 plean teanga á gcur i bhfeidhm i 23 LPT agus Baile Seirbhíse Gaeltachta amháin faoi dheireadh 2019.

Is mór an t-uchtach agus an infheistíocht a bheidh ansin do phobail na teanga ar fud na tíre. Faoi láthair tá Oifig Pleanála Teanga ceaptha i 4 LPT agus próiseas earcaíochta ar siúl in 8 LPT faoi dheireadh na bliana. Tá buiséad de €1.49m ceadaithe d'fheidhmiú na 13 plean teanga atá ceadaithe agus beidh 17 de phoist idir Oifig Pleanála Teanga agus Oifig Cúnta ceangailte leis seo.

Dúirt **Cathaoirleach an Údaráis, Anna Ní Ghallachair**, "Le sé bliana anuas tá méadú tagtha ar an bhonn fostaíochta i gcliantchomhlachtaí an Údaráis achan bhliain agus tá clochmhílte shuntasach sáraithe ó thaobh na pleanála teanga de chomh maith. A bhuíochas don dúthracht a chaith na pobail Ghaeltachta le réiteach na bpleananna, beidh tairbhe agus sásamh le baint anois as a bhfeidhmiú. Is é seo an tús i ndáiríre le feachtas buanaithe na teanga sa Ghaeltacht agus cuireann muid fáilte roimh an soláthar maoinithe a bheidh ar fáil ag na pobail chun a gcuid pleananna a chur i bhfeidhm. Deis iontach atá anseo do phobail Ghaeltachta infheistíocht dhíreach a fháil agus aird a tharraingt ar chúrsaí teanga in achan cheantar.

Tá spreagadh agus beocht ar leith le sonrú ar fhorbairt na n-ionad nuálaíochta agus na mol digiteach gteic ar fud na Gaeltachta. Is mór an spéis atá á léiriú go háitiúil agus go náisiúnta iontu agus tabharfaidh siad solúbthacht níos mó don Údarás tacú le comhlachtaí nuálacha atá ag tosú amach nó atá ag iarraidh préamhacha níos doimhne a chur i dtalamh. Tá fáilte mhór le cur roimh acmhainní breise atá faighte chun an éiceachóras teicneolaíochta seo a chothú agus deis a thabhairt dúinn diaspóra na Gaeltachta a mhealladh ar ais chuig a gceantracha féin."

Dearcadh i dtreo 2019

Cé go bhfuil an buanú fostaíochta atá léirithe agus an tseasmhacht post ríthábhachtach do chliantchomhlachtaí atá lonnaithe i gceantracha réigiúnacha tuaithe, tá bliain chinniúnach os a gcomhair ag comhlachtaí agus pobail na Gaeltachta. Gan aon chinnteacht faoi chúrsaí Breatimeachta go fóill d'fhéadfadh bliain chorrach éiginnte a bheidh roimh chomhlachtaí Gaeltachta a bhíonn ag brath ar mhargaí, ar tháirgí agus ábhair ón Ríocht Aontaithe.

É sin ráite, leanfaidh Údarás na Gaeltachta le feidhmiú na spriocanna atá leagtha amach dó ina Phlean Straitéiseach féin agus i straitéisí náisiúnta eile lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta 5 Bliana an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, An Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, Plean Gníomhaíochtaí do Phoist, Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí. Tá Údarás na Gaeltachta dóchasach go bhfuil na polasaithe, straitéisí agus tionscnaimh chúí á gcur i bhfeidhm acu chun an sprioc de 8,000 post lánaimseartha a bhaint amach faoin mbliain 2020.

Ar na tionscnaimh a mbeidh béim faoi leith orthu in 2019 beidh:

gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Tá forbairt an ghréasáin de 30 mol nuálaíochta agus digiteacha – gteic – mar ghné lárnach de straitéis an Údaráis chun cianoibriú a chur chun cinn agus chun tacú le comhlachtaí nuálacha lonnú sa Ghaeltacht. Cheithre mhol atá oscailte faoi láthair i nGaioth Dobhair, An Cheathrú Rua, Béal an Mhuirthead agus An Daingean agus táthar ag súil go mbeidh moil oscailte i mBéal Átha an Ghaorthaidh, Carna, Na Forbacha, Árainn Mhór agus Inis Mór go gairid chomh maith chun borradh eile a chur faoin éiceachóras digiteach gigighiotán nua atá ag fás sa Ghaeltacht.

De bharr na tacaíochta suntasaí de €2.8m a fógraíodh in 2018 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, beifear ag díriú ar thrí thogra eile a chur i gcrích roimh dheireadh 2019 a chuirfidh go mór le gréasán gteic mar seo a leanas:

- €1.5m ceadaíte chun an t-urlár uachtarach neamhfhorbartha de gteic@GaiothDobhair ar Pháirc Ghnó Ghaioth Dobhair a fhorbairt agus 1,725 méadar cearnach de spás oibre/oifigí nua a chur ar fáil;
- €548,000 chun Ionad Nuálaíochta agus Mol Digiteach gteic@AnSpidéal a fhorbairt i gConamara;
- €795,000 chun 8 nIonad Nuálaíochta/Moil Dhigiteacha/Láthair Barrfeabhais a fhorbairt i nGaeltacht Mhaigh Eo, san áireamh Béal an Mhuirthead, An Eachléim, Gaioth Sáile, Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh.

Tascfhórsaí agus Fóraim

Sprioc náisiúnta de chuid an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe atá i d**Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh** atá faoi stiúir Údarás na Gaeltachta agus a bhfuil leagtha roimhe forbairt na fiontraíochta agus deiseanna fostaíochta a mhéadú agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní ar fad atá sna ceantacha sin. Déanfar tuairisc dheiridh agus plean gníomhaíochta an tascfhórsa a fhoilsiú go luath in 2019. Cuireadh múnla nua comhairliúcháin i bhfeidhm go náisiúnta don tascfhórsa seo a bhfuiltear ag súil a mhacasamhail a úsáid in áiteanna eile ar fud na tíre.

Déanfar tuairisc dheiridh **Fhóram Fiontraíochta Ghaeltacht na Mí** a fhoilsiú i mí Márta 2019 chomh maith, ina mbeidh moltaí san áireamh chun fócas nua a chur ar na deiseanna forbartha fiontraíochta atá sa gceantar seo agus leas a bhaint as a ngaireacht do Bhaile Átha Cliath.

Ar bhonn áitiúil, d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta **Tuairisc Fheidhmithe 'Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaioth Dobhair'** i mí Bealtaine 2018 a bhí ina thuairisc deiridh ag an bhFóram Forbartha Fiontraíochta a bunaíodh i 2014. Léirigh an tuairisc fheidhmithe gur sáraíodh na spriocanna fostaíochta a bhí leagtha síos le ceadú 313 post lánaimseartha i rith tréimhse an phlean Tá **Plean Gníomhaíochta 5 Bliana d'Iorras Aithneach** forbartha ag pobal Iorras Aithneach i gcomhar

le hÚdarás na Gaeltachta. Tá an plean curtha le chéile chun cúrsaí fostaíochta, fiontraíochta agus infreastruchtúir a chur chun cinn i gceantar Chonamara Láir, a raibh cuid dena toghranna aitheanta mar cheantair a bhí faoi mhíbhuntáiste ag an áisíneacht Pobal.

Branda – Gaeltacht na hÉireann

Rinneadh an branda ‘Gaeltacht na hÉireann’, branda nua atá forbartha ag Údarás na Gaeltachta, a sheoladh i rith 2018. Tá an branda forbartha chun gur féidir ceantachta Gaeltachta na tíre agus feabhas a dtáirgí a chur chun cinn ar fud an domhain faoi aon bhratach amháin. Stampa aitheantais atá i gceist do gach rud a thionscnaítear sa nGaeltacht agus beidh sé mar léiriú físiúil ar an mbeocht, fiontraíocht, saibhreas cultúrtha, dúchas agus teanga uathúil atá sna réigiúin Ghaeltachta. Leanfar le seachadhadh agus fás an Bhranda i rith 2019 i measc chomhlachtaí, eagraíochtaí agus phobail na Gaeltachta.

Turasóireacht

Beidh fócas ar leith á chur ar fhorbairt straitéiseach na turasóireachta sa Ghaeltacht i rith 2019 chomh maith le cumasú agus forbairt áiseanna agus táirgí turasóireachta. Leanfar le tacaíocht a chur ar fáil do 10 n-oifigeach turasóireachta faoin Scéim Forbartha Bainistíochta Turasóireachta atá ar bun ar fud na tíre. Beidh méadú ar scileanna agus feabhas ar tháirgí mar thoradh ar an scéim. Tá sé rithábhachtach go mbeidh daoine breise le scileanna cuí fostaithe san earnáil sin. Féachfar le hinfeistíochtaí caipitil a dhéanamh in áiseanna turasóireachta i mbliana agus leanfar le feachtais mhargaíochta éagsúla a chur ar siúl chun feabhas na Gaeltachta mar cheannscríbe turasóireachta a chraobhscaoileadh. Tá sé i gceist tús a chur le forbairt cúig tionscnamh straitéiseach turasóireachta mar pháirtíocht idir pobail áitiúla, Údarás na Gaeltachta, Fáilte Éireann agus An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi mar atá luaite sa bPlean Gníomhaíochta 2018-2022 faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Tograí Eorpacha

Tá forbairt thograí fuinnimh inathnuaite, acmhainní nádúrtha agus fiontair atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha lárnach i straitéis na heagraíochta agus beidh fócas ar leith á chur sna blianta beaga atá amach romhainn ar leas a bhaint as tograí Eorpacha éagsúla. Tá scéimeanna LECO, Safer, React, RegEnergy, Digi2Market agus Horizon 2020 fíorthairbheach do cheantachta Gaeltachta agus tacóidh siad le cumasú na bpobal ar chúrsaí fuinnimh inathnuaite, athrú aeráide, acmhainn bia mara agus acmhainní fuinnimh. Tá Údarás na Gaeltachta páirteach agus mar cheanneagraíocht ar roinnt tograí Eorpacha faoi láthair agus ta súil ag an eagraíocht go mbeidh rath ar iarratais mhaoinithe eile atá déanta le tamall anuas.

Páirc na Mara

I bhfianaise an dul chun cinn suntasach atá á dhéanamh ar na staidéir measúnaithe timpeallachta ar an suíomh ina mbeidh Páirc na Mara, páirc nuálaíochta mara i gCill Chiaráin i gConamara, táthar ag súil go mbeidh iarratas pleanála do mhórhogra Pháirc na Mara réidh sa gcéad leath de 2019. Cúis mhór dóchais don togra a bhí sa maoiniú caipitil de €2m a ceadaíodh do MICD Páirc na Mara, comhfhiontar idir Údarás na Gaeltachta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Mhaigh Eo, chun ionad nuálaíochta agus forbartha mara a fhorbairt ar Pháirc na Mara. Is faoin dara babhta den Chiste Forbairt Fiontraíochta Réigiúnach atá á riaradh ag Fiontraíocht Éireann a ceadaíodh an tacaíocht a mbeidh infheistíocht gnáthscaireanna de €400,000 á cur ag Údarás na Gaeltachta leis an togra chomh maith.

Samhlaítear go mbeidh forbairt Pháirc na Mara ina chumasóir tábhachtach i leith fhorbairt an tionscail mhuirí ina iomláine, ní hamháin i gCill Chiaráin agus i gConamara ach ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus go fiú ar leibhéal idirnáisiúnta.

Is í aidhm Údarás na Gaeltachta ná an Ghaeilge a chaomhnú agus a neartú tríd is tríd ó thaobh fhorbairt na Gaeltachta de agus pobail Ghaeltachta fhéinmhuíneacha, inbhuanaithe a spreagadh agus a neartú. Tá freagrachtaí agus dualgais straitéiseacha ar Údarás na Gaeltachta don Ghaeltacht agus tá cur chuige comhtháite aige i leith fhorbairt na Gaeltachta. Tá an tÚdarás in áit uathúil le ról ceannaireachta a ghlacadh i bhforbairt agus i leathnú na Gaeilge mar theanga phobail agus i bhforbairt chomhtháite eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta de réir na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dó.

ATHBHREITHNIÚ DE RÉIR CEANTAIR GHAELTACHTA

Gaeltacht Dhún na nGall

Cruthaíodh 156 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall i rith 2018. Nuair a chuirtear an líon post a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú de 85 post i gceist, rud a chiallaigh go raibh 2,278 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana, an líon is airde post ó 2008. Ba é seo an cailliúint poist is lú a bhí i nGaeltacht Dhún na nGall riamh agus léiríonn sé téarnamh agus seasmhacht áirithe sa bhfostaíocht i nGaeltacht Dhún na nGall. Is ábhar dóchais do cheantracha Gaeltachta an chontae é nach raibh aon titim sa bhfostaíocht sa gcontae le 8 mbliana agus go bhfuil comhlachtaí éagsúla ag earcú go leanúnach.

I measc na gcomhlachtaí ar fud Ghaeltacht Dhún na nGall inar cruthaíodh poist in 2018 bhí Arán Ard Teo.; Ard an Rátha; Kombucha Éireannach Teo.; Fáisc Miotail Teo.; Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair; Snáth Dhún na nGall Teo.; Oileán Glas Teo., Cill Charthaigh; Randox Teo.; Ostre' an Teo., An Clochán Liath. Mar is léir anseo, bhí méaduithe post i réimse leathan earnálacha agus i gcomhlachtaí de mhéideanna éagsúla.

Tograí Nua

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua do Ghaeltacht Dhún na nGall i rith 2018 a mbeidh 169 post nua á gcruthú iontu agus infheistíocht iomlán d'os cionn €8.44 milliún beartaithe nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil. Léiríonn sé seo go bhfuil rath ar iarrachtaí an Údaráis fiontraíocht a spreagadh sa gcontae chomh maith le gnó a mhealladh chuig an gceantar.

Cuireadh tús le 5 gnó nua i nGaeltacht Dhún na nGall le tacaíocht an Údaráis in 2018 agus bhí 19 fostaithe sna gnóanna sin faoi dheireadh na bliana.

Oscailt gteic@GaothDobhair

D'oscail an t-ionad nuálaíochta agus mol digiteach gteic@GaothDobhair go hoifigiúil i mí Aibreáin 2018. Tá spás de 20 deasc shealaíochta agus spásanna roinnte do chian-oibrithe agus ríomhoibrithe chomh maith le 26 spás oifige lánfheistithe agus aonaid ghorlainne forbartha do ghnóanna atá ag tosú nó ag fás ann. Tá ag éirí tharr barr leis an áis agus comhlachtaí ar nós Pramerica, Meastóirí Domhanda agus Optum lonnaithe inti. Tá fás agus forbairt iontach i ndán do gteic@GaothDobhair i rith 2019 nuair a dhéanfar an dara hurlár a fhorbairt a bhuíochas do mhaoiniú €1.5m a ceadaíodh faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. Beidh 1,725 méadar cearnach de spás oibre/oifigí nua á chur ar fáil roimh dheireadh 2019 mar chuid den fhorbairt.

Plean Gníomhaíochta an Fhórait Fhorbartha Fhiontraíochta

D'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta Tuairisc Fheidhmithe 'Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair' i mí Bealtaine 2018 a bhí ina thuairisc deiridh ag an bhFóram Forbartha Fiontraíochta a bunaíodh i 2014. Léirigh an tuairisc fheidhmithe gur sáraíodh na spriocanna fostaíochta a bhí leagtha síos le ceadú 313 post lánaimseartha i rith thréimhse an phlean chomh maith leis na gníomhaíochtaí agus comhpháirtíochtaí eile a bhí curtha i gcrích i bhfeidhmiú moltaí an Fhórait Forbartha.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 324 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana le 140 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, 11 ar Tús Nua, 108 ar an Scéim Fostaíochta Pobail agus 65 ar Scéim TÚS. Tá na scéimeanna á mbainistiú ag 13 Saoiste agus á riaradh ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €591,000 ar fáil do dheich n-eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2018 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Bunaíodh comharchumann nua sa Ghaeltacht Láir i rith 2018 ar ar tugadh Forbairt Eachla CTR agus beifear ag féachaint ar an fhéidearthacht eagraíocht forbartha pobail a bhunú i gceantar Fhánada i rith 2019.

Pleanáil Teanga

Le linn 2018 bhí gach Limistéar Pleanála Teanga i gceantar Gaeltachta Dhún na nGall i mbun na pleanála teanga. Le cois an dá phlean teanga a bhí ceadaithe sa gContae roimhe sin ceadaíodh plean teanga do LPT Árainn Mór i rith 2018. Cuireadh Pleananna Teanga do LPT Tuaisceart Dhún na nGall agus LPT Dhún na nGall Theas faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chomh maith.

Bhí sé d'onóir ag LPT Chloich Cheann Fhaola gurbh iad an cheanneagraíocht a d'fhostaigh an chéad Oifigeach Pleanála Teanga riamh agus tá Oifigeach Pleanála Teanga agus Oifigeach Cúnta fostaithe in LPT Ghaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir chun tabhairt faoi fheidhmiú an phlean sa limistéir sin. Tá próiseas earcaíochta ar siúl in LPT Árainn Mhóir faoi láthair chun post an Oifigigh Pleanála Teanga a líonadh. Beidh infheistíocht de €340,000 sa bhliain i gceist le feidhmiú na bpleananna seo in n-iomláine.

Táthar ag súil go mbeidh pleananna teanga do LPT Na Rosann agus LPT na Gaeltachta Láir réidh le cur faoi bhráid na Roinne sa tríú ráithe den bhliain seo.

Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála teanga i dtaca le Baile Seirbhíse Gaeltachta An Chlocháin Léith i 2018 agus réachtáladh sraith cruinnithe poiblí ar an mbaile i rith na bliana.

Gaeltacht Mhaigh Eo

Cruthaíodh 83 post nua i nGaeltacht Mhaigh Eo in 2018. Bhí glanmhéadú de 9 bpost ann ar an mbliain roimhe sin a chiallaigh go bhfuil 657 post lánaimseartha i gcliántchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana.

Bunaíodh 6 chomhlacht nua i nGaeltacht Mhaigh Eo le linn na bliana le tacaíocht Údarás na Gaeltachta agus bhí 9 fostaithe sna comhlachtaí nua seo ag deireadh na bliana. Cruthaíodh poist nua i roinnt comhlachtaí ar nós Crannchur Cliste Teo. i nGaoth Sáile; Eachtraí Uisce Teo. agus Westire

Teo. i mBéal an Mhuirthead; Drioglan Loch Measca i dTuar Mhic Éadaigh; Bioshell Teo. i bPort Durlainne; Irish American Whiskey Supplies Ltd. i mBun an Churraigh, Acaill.

I rith 2018, cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta tograí nua ina mbeidh 119 post ag teacht chun cinn i nGaeltacht Mhaigh Eo amach anseo, i gcomhlachtaí atá ann cheana féin agus i gcomhlachtaí nua atá á mbunú. Tá infheistíocht iomlán de €5.25 milliún beartaithe sna tograí seo nuair a bheidh siad faoi lán seoil. Díol dóchais a bhí ann chomh maith gur cheadaigh an Bord tacaíocht do 5 thogra Tosú Ardacmhainne (HPSU) i nGaeltacht Mhaigh Eo. Is dul chun cinn suntasach i gcruthú fostaíochta é seo i nGaeltacht Mhaigh Eo, áit a gcruthaíonn comhlachtaí Tosú Ardacmhainne 10 bpost agus díolachán de €1m taobh istigh de 3 bliana.

Airgead Ceadaithe do thograí gteic i Maigh Eo

Rinneadh dul chun cinn suntasach i gteic@BéalánMhuirthead i rith 2018 agus bhí suas le 75% den spás lán faoi dheireadh na bliana. Beidh acmhainn bhreise á forbairt do ghréasáin gteic i nGaeltacht Mhaigh Eo, a bhuíochas do mhaoiniú atá ceadaithe faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe do shraith tograí i Maigh Eo. Ceadáíodh €795,000 chun 8 Ionad Nuálaíochta/Mol Digiteach/Láthair Barrfeabhais a fhorbairt i nGaeltacht Mhaigh Eo, mar atá Béal an Mhuirthead, An Eachléim, Gaoth Sáile, Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh. Cuirfidh na tograí seo go mór leis na deiseanna a bheidh ar fáil ag na pobail tuaithe sna ceantair seo a dhul i mbun oibre ina gceantracha féin nó do Diaspóra na Gaeltachta filleadh ar a gceantracha féin. Beidh tionchar mór ag an maoiniú atá ceadaithe ar shaol na bpobal seo agus tá sé lánach dár straitéis deiseanna cian-oibrithe a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Tá ag éirí go maith leis an éiceachóras digiteach gteic atá á bhunú le daoine a mhealladh ar ais chun na Gaeltachta.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €210,000 ar fáil do cheithre eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2018 a chuir clár oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantracha feidhme. Tá na heagrais phobail ag riaradh agus ag bainistiú scéimeanna agus tograí pobail ar fud na Gaeltachta.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 254 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú ag 12 Saoiste agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Ceadáíodh plean teanga do Limistéir Pleanála Teanga (LPT) Mhaigh Eo Thuaidh i rith 2018 agus tá an próiseas earcaíochta ar siúl chun Oifigeach Pleanála Teanga a earcú chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean. Beidh infheistíocht de €100,000 i gceist le feidhmiú an phlean agus is iad Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile an Cheanneagraíochta a bheidh ag feidhmiú an phlean. Is iad Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla Teo. atá i mbun oibre ar phlean teanga a ullmhú do LPT Mhaigh Eo Thiar agus táthar ag siúl go mbeidh an plean curtha faoi bhráid na Roinne i rith 2019. Ceadáíodh Plean Teanga Dhúiche Sheoigeach/Thuar Mhic Éadaigh i rith 2018 le buiséad ceadaithe de €100,000 agus tá an próiseas earcaíochta d'Oifigeach Pleanála Teanga faoi lán seoil.

Gaeltacht na Gaillimhe

Is i gContae na Gaillimhe i mó a cruthaíodh poist i gcliantchomhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta in 2018. Cruthaíodh 237 post i nGaeltacht na Gaillimhe in 2018, nó 40% de na poist ar fad a cruthaíodh ar fud na tíre. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, glanmhéadú de 45 post ar an mbliain roimhe a bhí sa gcontae, rud a chiallaigh go raibh 2,978 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí ag deireadh 2018. Is é seo an leibhéal fostaíochta is airde sa gContae ón mbliain 2000.

Cruthaíodh poist nua i rith na bliana i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú i réimse leathan earnálacha: feistí leighis, saindéantúsaíocht, scannánaíocht/teilifís, seirbhísí agus earnáil na mara, ina measc Aran Biomedical, Cambus Medical Teo., Telegael Teo., Eo Teilifís Teo., Abú Media, Bradán Beo Teo. agus Bia Mara Teo. Bhí roinnt laghduithe post sna hearnálacha próiseála éisc, mara, bia & dí, próiseála sonraí, bogearraí, ríomhaireachta agus déantúsaíochta.

Tograí Nua

Chuaigh 7 ngnó nua i mbun oibre i rith na bliana ar fud Ghaeltacht na Gaillimhe, agus bhí 16 duine fostaithe sna gnóanna nua seo ag deireadh na bliana.

Ceadaíodh líon tograí i rith na bliana 2018 ina mbeidh os cionn 133 post á gcruthú agus infheistíocht €5.25 milliún á déanamh iontu nuair atá na forbairtí beartaithe faoi lán seoil. Is sna réimsí táirgí leighis, déantúsaíochta agus innealtóireachta atá na príomhfhorbairtí beartaithe.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 36 duine breise fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana 2018 le 404 duine fostaithe ar na scéimeanna éagsúla. 187 duine a bhí ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 137 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, 60 ar Scéim Tús agus 20 ar Scéim Tús Nua. I bhfeighil ar na scéimeanna ar fad bhí 18 Saoiste. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Páirc na Mara

I bhfianaise an dul chun cinn suntasach atá á dhéanamh ar na staidéir measúnaithe timpeallachta ar an suíomh ina mbeidh Páirc na Mara, páirc nuálaíochta mara i gCill Chiaráin i gConamara, táthar ag súil go mbeidh iarratas pleanála do mhórthogra Pháirc na Mara réidh sa gcéad leath de 2019.

Cuireadh eolas breise ar fáil don Bhord Pleanála de réir mar a bhí iarrtha acu mar chuid den bhreithiúnas atá á dhéanamh ar an gcead pleanála a cheadaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe do fhoirgneamh oifige tosaigh i rith 2018.

Beidh forbairt Pháirc na Mara ar cheann de na príomh thograí forbartha a thabharfar faoi sna blianta beaga seo romhainn. Tá forbairt na páirce luaite i straitéis náisiúnta ar nós an Plean Gníomhaíochta um Forbairt Tuaithe agus Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin – Plean Comhtháite Muirí d'Éirinn. Cúis mhór dóchais don togra a bhí sa maoiniú caipitil de €2m a ceadaíodh do MICD Páirc na Mara, comhfhiontar idir Údarás na Gaeltachta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe – Mhaigh Eo, chun ionad nuálaíochta agus forbartha mara a fhorbairt ar Pháirc na Mara. Is faoin dara babhta den Chiste Forbairt Fiontraíochta Réigiúnach atá á riaradh ag Fiontraíocht Éireann a ceadaíodh an tacaíocht agus a mbeidh infheistíocht ghnáthscaireanna de €400,000 á cur ag Údarás na Gaeltachta leis an togra chomh maith.

Samhlaítear go mbeidh forbairt Pháirc na Mara ina chumasóir tábhachtach i leith fhorbairt an tionscail mhuirí ina iomláine, ní hamháin i gCill Chiaráin agus i gConamara ach ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus go fiú ar leibhéal idirnáisiúnta.

gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gConamara

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt áiseanna gteic i nGaeltacht na Gaillimhe i rith 2018. D'oscail gteic@AnCheathrúRua i rith 2018 agus beidh ina háis bheo bhríomhar i mbaile na Ceathrún Rua. Tá spás deascanna sealáíochta agus oifigí príobháideacha ar fáil san ionad atá á riaradh ag Comharchumann Mhic Dara thar cheann Údarás na Gaeltachta.

Tosaíodh oibreacha athchóirithe ar gteic@Carna agus gteic@NaForbacha i rith na bliana agus táthar ag súil go mbeidh an dá áis seo oscailte go luath in 2019. Go deimhin tá fiosruithe faighte ag an Údarás don dá ionad cheana féin agus socruithe eile á ndéanamh dóibh nó go n-osclóidh na hionaid. Is mó seans gur iad Inis Mór atá chun tosaigh ar éigean sa rása chun a bheith ar an gcéad oileán Gaeltachta ina n-osclófar ionad nuálaíochta gteic ann i 2019.

Ba é an borradh is suntasaí a fuair an gréasán gteic i rith 2018 ná an fógra go raibh maoiniú de €548,000 ceadaithe faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe do gteic@AnSpidéal agus mar thogra tosaíochta táthar ag súil go mbeidh sé oscailte go luath sa bhfómhar.

Tá Gréasán Digiteach na Gaeltachta lárnach i straitéis na heagraíochta agus beidh sé ag soláthar 30 aonad nuálaíochta le ceangal leathanbhanda ardluais a thabharfaidh deis do phobal na Gaeltachta filleadh air, nó fanacht ina gceantar féin trí dheiseanna cian-oibrithe ag oifigí nó deasca sealáíochta sna moil chéanna.

Pleanáil Teanga

Le linn 2018 ceadaíodh trí Phlean Teanga i gContae na Gaillimhe do LPT Na Ceathrún Rua, LPT Chonamara Láir agus do LPT Dhúiche Sheoigheach & Thuar Mhic Éadaigh. Nuair a chuirtear na pleananna seo san áireamh le Plean Teanga Chois Fharráige, ciallaíonn sé go bhfuil 6 phost pleanála teanga ceadaithe agus maoiniú de €500,000 ceadaithe don phleanáil teanga sna Limistéir sin in 2019. Meastar go n-ardóidh an figiúir sin i rith 2019 nuair a cheadófar Plean Teanga Cheantar na nOileán agus Plean Teanga Oileáin Árann agus Plean Teanga Mhaigh Cuilinn.

Tá tús spleodrach curtha le réiteach pleananna teanga do na trí LPT eile: Bearna agus Cnoc na Cathrach, Oirthear Chathair na Gaillimhe agus An tEachréidh agus táthar ag súil go mbeidh siad sin curtha faoi bhráid na Roinne i 2020.

Tá Gaeltacht na Gaillimhe comhdhéanta de 10 Limistéar Pleanála Teanga.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €670,000 ar fáil do 11 eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2018 a chuir clár oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme. Tá na heagrais phobail ag riaradh agus ag bainistiú scéimeanna agus tograí pobail ar fud na Gaeltachta.

Gaeltacht na Mí

178 post lánaimseartha a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana 2018. Laghdú de 41 post ar an mbliain roimhe a bhí i gceist de bharr poist cailte i gcliantchomhlacht i rith na bliana. De bharr atheagar foirgnimh agus athdhearadh táirge a cuireadh i bhfeidhm ar mhonarchan Faughan Foods i Ráth Chairn, bhí laghdú de 44 sa gcomhlacht i rith 2018. Táthar ag súil go méadófar an fhostaíocht arís nuair atá an tionscnamh reatha atheagair curtha i gcrích ag an gcomhlacht.

Ábhar dóchais do Ghaeltacht na Mí gur cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta tacaíocht do thograí a mbeidh 27 post agus infheistíocht de €2.52m i gceist leo nuair a bheidh siad faoi lán seoil. Baineann formhór na bpoist ceadaithe leis an gcomhlacht Novelplast atá le togra a thosú i mBaile Ghib i rith 2019.

Lena chois sin, déanadh infheistíocht shuntasach neamhspleách de €4m i Turmec Teo. i Ráth Chairn i rith na bliana. Infheisteoirí príobháideacha a thacaigh le ceannach thar barr amach ag an mbainistíocht. Saineolaithe i gcúrsaí athchúrsála iad Turmec Teo. a bhfuil roinnt blianta rathúla curtha díobh acu agus margaí nua idirnáisiúnta aimsithe acu dá dtáirgí móra innealtóireachta. Meastar deis dhomhanda a bheith ag an gcomhlacht anois de bharr feabhas a dtáirgí agus an brú atá ar chúrsaí timpeallachta agus dramhaíola.

Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí

Bunaíodh an Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí mar ghrúpa gnímh fiontraíochta chun fócas nua a thabhairt do bhunú Ráth Chairn/Baile Ghib, ceantar Gaeltachta atá gar do Bhaile Átha Cliath, mar cheantar iomaíoch den scoth do chruthú fostaíochta. Tá réimse leathan rannpháirtithe ar an bhFóram Fiontraíochta ina measc Comhairle Chontae na Mí, SOLAS, Fóram Réigiúnach Scileanna, An tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA), Fiontraíocht Éireann, Ollscoil Mhá Nuad, An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta chomh maith le hionadaithe gnó agus pobail.

Tá súil ag an bhFóram a dtuairisc agus moltaí deireadh a fhoilsiú roimh dheireadh mhí Márta 2019.

Pleanáil Teanga

Ceadaíodh an Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ráth Chairn agus Baile Ghib i rith 2018. Is iad Comharchumann Ráth Chairn Teo. an Ceanneagraíocht a bheidh i mbun feidhmithe ar an phlean agus tá Oifigeach Pleanála Teanga ceaptha chun tacú leo an obair thábhachtach seo a chur i gcrích. Tá buiséad de €100,000 sa bhliain ceadaithe d'fheidhmiú an phlean teanga.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €59,000 ar fáil d'eagraíocht amháin faoin gClár Forbartha Pobail in 2018 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.

Gaeltacht Chiarraí

Cruthaíodh 56 post nua i nGaeltacht Chiarraí in 2018. Cruthaíodh na poist nua seo i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú in earnáil na bia & dí den chuid is mó. Bhí roinnt laghduithe fostaíochta i gcomhlachtaí próiseála éisc agus bhí laghdú fostaíochta i roinnt comhlachtaí beaga i réimse na ceardaíochta agus an bhia/dí i rith na bliana. Chiollaigh na laghduithe fostaíochta sin gur glanmhéadú de phost amháin san iomlán a bhí i gceist in 2018. Bhí 689 post lánaimseartha dá bhrí sin i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana.

Is ábhar dóchais don todhchaí é gur ceadaíodh líon tograí i rith na bliana ina mbeidh 47 post nua á gcruthú agus infheistíocht iomlán €2.5 milliún á déanamh iontu nuair atá na forbairtí beartaithe faoi

lán seoil. Is in earnálacha na bia & dí, turasóireachta agus seirbhísí teicneolaíocht an eolais is mó a bheidh na tograí bunaithe.

Thosaigh 6 ghnó nua i nGaeltacht Chiarraí i rith 2018 agus bhí 23 duine ag obair iontu faoi dheireadh na bliana.

Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh

Sprioc náisiúnta de chuid an Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe atá i d**Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh** atá faoi stiúir Údarás na Gaeltachta agus a bhfuil leagtha roimhe forbairt na fiontraíochta agus deiseanna fostaíochta a mhéadú agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní ar fad atá sna ceantracha sin. Déanfar tuairisc dheiridh agus phlean gníomhaíochta an tascfhórsa a fhoilsiú go luath in 2019. Cuireadh múnla nua comhairliúcháin i bhfeidhm go náisiúnta don tascfhórsa seo a bhfuiltear ag súil a mhacasamhail a úsáid in áiteanna eile ar fud na tíre.

Is í an aidhm atá leis an Tascfhórsa Idirghníomhaireachta ná phlean gníomhaíochta trasearnála a fhorbairt do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus leithinis Uíbh Ráthaigh go ginearálta. Tá an tascfhórsa déanta as gníomhaireachtaí éagsúla an Rialtais, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Comhairle Contae Chiarraí, Fáilte Éireann, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Fiontraíocht Éireann, Oifig Fiontair Áitiúil Chiarraí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, agus Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas Teo. Tá ionadaíocht láidir ag gnóthaí áitiúla agus grúpaí forbartha pobail ar an tascfhórsa chomh maith.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 78 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Ceadaiódh dhá phlean teanga le buiséad iomlán de €250,000 do Chontae Chiarraí i rith 2018. Is é Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo. an Ceanneagraíocht a bheidh i mbun feidhmithe ar phlean teanga LPT Chiarraí Thiar. Cuireadh tús le próiseas earcaíochta do dhá phost chun tacú le feidhmiú an phlean teanga sa limistéar seo i 2018. Is iad Comhchoiste Ghaeltachtaí Chiarraí Theas Teo. an Ceanneagraíocht a bheidh i mbun an phlean do LPT Chiarraí Theas le buiséad de €100,000 agus bhí céimeanna idir lámha le Oifigeach Pleanála Teanga a earcú faoi dheireadh na bliana seo caite.

Roghnaíodh An Lab Teo. le tabhairt faoi phlean teanga a ullmhú do BSG Dhaingean Uí Chúis agus tá an eagraíocht ag ullmhú an phlean teanga i gcomhar leis an bpobal faoi láthair agus ag súil lena chur faoi bhráid na Roinne in earrach 2019.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €244,000 ar fáil do cheithre eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2018 a chuir clár oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.

Gaeltacht Chorcaí

Cruthaíodh 45 post nua i nGaeltacht Chorcaí in 2018. Nuair a thógtar an líon post a cailleadh san áireamh, glanmhéadú de 15 bpost san iomlán a bhí i gceist. Bhí 699 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh na bliana. Is iad seo na figiúirí fostaíochta is airde atá ar thaifead ag Údarás na Gaeltachta do Ghaeltacht Mhúscraí riamh. 690 post lánaimseartha an figiúir is airde post a bhí i nGaeltacht Mhúscraí roimhe seo in 2008.

Ceadaíodh líon tograí i rith na bliana 2018 ina mbeidh 28 post á gcruthú agus infheistíocht de €2 milliún á déanamh nuair atá na forbairtí beartaithe sin faoi lán seoil. Is sna hearnálacha bia agus innealtóireachta atá na príomhforbairtí atá beartaithe.

gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gCorcaí

Is i mBéal Átha an Ghaorthaidh a osclófar an chéad ionad nuálaíochta & mol digiteach de chuid ghréasán gteic i nGaeltacht Chorcaí. Táthar ag súil go mbeidh an áis leathanbhanda ard luais nua seo oscailte faoi cheann roinnt míonna nuair atá na hoibreacha athchóirithe deiridh curtha i gcrích. Beidh leathanbhanda ardluais ar fáil d'úsáideoirí i gteic@BéalÁthaaanGhaorthaidh le spás deascanna sealaíochta agus oifigí príobháideacha ar fáil san ionad araon.

Folláin Teo.

Tá tuairiscithe le roinnt blianta go bhfuil rath ar chúrsaí bia agus dí i nGaeltacht Mhúscraí le dornán de bhlianta agus gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta bainte amach leithéidí 9 Fia Bán, Folláin, Bia De Róiste agus Táirgí Cáise Buabhall Mhaigh Chromtha chomh maith le bheith anois ar fáil i gcuid de na hollmhargaí is mó sa tír.

Tá Folláin Teo bunaithe i nGaeltacht Mhúscraí ó 1985 agus tá ag táirgeadh subh agus táirgí eile den scoth ó shin i leith. Tá forbairt agus infheistíocht ollmhór déanta ag an gcomhlacht, a bhunaigh Peadar & Máire Uí Lionaird, sa tréimhse sin agus tá an comhlacht ar cheann de na fostóirí is mó sa réimse bia i gceantar Gaeltachta an Deiscirt. Tá an comhlacht lonnaithe i bhfoirgneamh nua d'ardchaighdeán i bPáirc Ghnó Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaí ó 2016. Osclaíodh ionad turasóireachta ar an láthair i mí Iúil 2017. Tá plean forbartha curtha le chéile ag an gcomhlacht anois agus tá i gceist aige díolachán a dhúbailt faoi 2023 agus suas le 20 post breise a chruthú sa gcomhlacht faoi 2023 chomh maith.

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 20 duine fostaithe ar scéimeanna sóisialta tuaithe i nGaeltacht Mhúscraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riaradh ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Pleanáil Teanga

Is é Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. a bhí i mbun ullmhúcháin ar an bplean teanga do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Mhúscraí a ceadaíodh i rith 2018. Tá Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe acu agus an plean teanga á chur i bhfeidhm. Ceadaíodh buiséad bliantúil de €100,000 don phlean teanga in LPT Mhúscraí.

Is é Comharchumann Chléire Teo. atá ag ullmhú Plean Teanga do LPT Chléire agus táthar ag súil go mbeidh an plean teanga réidh le cur faoi bhráid na Roinne faoi lár 2019 agus á feidhmiú roimh dheireadh na bliana.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €140,000 ar fáil do dhá eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail in 2018 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha

áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.

Gaeltacht Phort Láirge

Cruthaíodh 9 bpost nua i nGaeltacht Phort Láirge le linn na bliana agus nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh bhí glanmhéadú 8 bpost i gceist. Bhí 146 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh na bliana. Is i réimsí na scannánaíochta agus déantúsaíochta is mó a bhí na méaduithe post.

Thosaigh 4 chomhlacht nua i nGaeltacht Phort Láirge i rith 2018 agus bhí seisear ag obair iontu roimh dheireadh na bliana.

Staidéar Féidearthachta ar Lárionad Chultúrtha/Turasóireachta

Ceadaíodh tacaíocht do Chomhlacht Forbartha na nDéise Teo. i rith 2018 chun tabhairt faoi staidéar féidearthachta maidir le Lárionad ilchuspóireach a fhorbairt ar thailte ag Baile na nGall Beag sa Rinn. Lárionad ina mbeadh seirbhísí turasóireachta, fiontraíochta, cultúrtha agus áiseanna pobail atá i gceist agus tá comhairliúchán poiblí cuimsitheach curtha i gcrích maidir leis an togra.

Tá suíomh thart ar 4 acra ag Údarás na Gaeltachta sa láthair seo agus tá clós spraoi nua, nó “Imearlann” do leanaí, forbartha ar chuid den suíomh seo – le tacaíocht ó pháirtnéireacht idir Coiste na hImearlainne a bhí mar fhochoiste de Chomhlucht Forbartha na nDéise, Comhairle Contae Phort Láirge agus Údarás na Gaeltachta.

Gréasán gteic sna Déise

Tá obair ar siúl faoi láthair chun láthair oiriúnach a aimsiú inar féidir ionad nuálaíochta agus mol digiteach gteic a lonnú do Ghaeltacht na nDéise. Tá forbairt an ghréasáin de 30 mol nuálaíochta agus digiteacha – gteic – mar ghné lárnach de straitéis an Údaráis chun cianoibriú a chur chun cinn agus chun tacú le comhlachtaí nuálacha lonnú sa Ghaeltacht.

Pleanáil Teanga

Is é Comhlucht Forbartha na nDéise Teo. an Ceanneagraíocht a réitigh plean teanga do LPT Na nDéise a ceadaíodh i rith 2018 agus a bhfuil Oifigeach Pleanála Teanga earcaithe acu agus tús curtha le feidhmiú an phlean. Tá buiséad de €100,00 sa bhliain ceadaithe don phlean seo.

Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe

Cuireadh maoiniú iomlán de €54,000 ar fáil d’eagraíocht amháin faoin gClár Forbartha Pobail in 2018 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.

Críoch

Eolas breise/Fiosrúcháin óna Meáin:

Páid Ó Neachtain, Feidhmeannach Caidrimh Phoiblí, Údarás na Gaeltachta
091 503111 / 087 3012510 / pon@udaras.ie